# Glór Cheatharlach

## Gaeilge an tSamhraidh i gCeatharlach



D'fhreastail beagnach ochtó déagóirí ar an gColáiste Samhraidh

Bhí tréimhse an-ghnóthach ag Glór Cheatharlach i rith Mí Iúil. Le Campa na nÓg, Campa Samhraidh agus Coláiste Samhraidh ar siúl i gCeatharlach bhí rud éigin ann do gach aoisghrúpa. Cuireadh fáilte is fiche roimh pháistí óga chuig Campa na nÓg a eagraiodh i gcomhar le Naíonra Ghráig Chuilinn ar feadh seachtaine ó 11ú go 15ú Iúil. Is do bhuachaillí agus do chailíní idir cheithre agus sé bliana d'aois an campa áirithe seo a chuireann an-bhéim ar shúgradh agus spraoi trí Ghaeilge. Bhí clár speisialta de ghníomhaíochtaí suimiúla eagraithe ag na stiúrthóirí Lorraine Mhic Eoin agus Madeleine Seá le cabhair ó dhaltaí Ghaelcholáiste Cheatharlach. Bhí idir ealaín agus obair láimhe, scéalaíocht agus amhránaíocht, cluichí boird agus cluichí spóirt ar siúl acu chomh maith le siúlóidí, turasanna chuig páirc súgartha agus chun na feirme. Bhain idir pháistí, ceannairí agus stiúrthóirí taitneamh agus spraoi as Campa na nÓg agus is cinnte go mbeidh a leithéid ar siúl arís an samhradh seo chugainn.

D'fhreastail caoga páiste ar an gCampa Samhraidh trí Ghaeilge a mhair ar feadh seachtaine ó 18ú go 22ú Iúil. Bhí an-éileamh ar áiteanna sa champa arís i mbliana. Glacadh leis an gcéad caoga a chláraigh agus bhí an-díomá orthu siúd a cuireadh ar an liosta feithimh ag súil le folúntais. Is do pháistí bunscoile idir seacht agus deich mbliana d'aois an Campa agus bhí sé lonnaithe i nGaelscoil Cheatharlach. Bhí idir bhuachaillí agus cailíní i láthair. Is campa ilghnéitheach é an Campa Samhraidh agus is rud an-tarraingteach é seo mar baineann na páistí an-taitneamh as an éagsúlacht d'imeachtaí a bhíonn ar chlár na seachtaine. I measc na n-imeachtaí bhí cluichí agus spórt, ealaín, corpoideachas agus céilithe chomh maith le cuairteanna chuig Páirc an Bhaile agus Gairdíní Céadfaíoch Delta. Don chéad uair eagraíodh turas go Cill Chainnigh chuig linn snámha An Watershed agus ansin picnic ar thailte Chaisleán Chill Chainnigh. Eagraithe ag Glór Cheatharlach, dob í Eunice Nic Dhiarmada stiúrthóir an Champa le cabhair ó ghrúpa iontach de mhic léinn triú leibhéil agus daltaí an Ghaelcholáiste a thug seachtain dá saoire suas chun na himeachtaí a eagrú do na páistí óga. Seachtain lán de ghníomhaíochtaí agus d'imeachtaí, lán de spiorad agus spraoi. Bhí an-spórt ag na páistí agus bhaineadar an-taitneamh as an seachtain a chaitheamh le chéile trí Ghaeilge ag cruthú go ngabhann spraoi le foghlaim na teanga.

Reachtáileadh an Coláiste Samhraidh i mbaile Cheatharlach don triú bhliain as a chéile agus d'éirigh go hiontach leis. Mhair an cúrsa ar feadh coicíse ón 4ú go 15ú Iúil agus bhí teach lán ann le breis is seachtó déagóirí ag freastal ar an gcúrsa a bhí lonnaithe i nGaelcholáiste Cheatharlach. Fáiltíonn tuismitheoirí roimh an gcoláiste samhraidh áitiúil seo mar rogha eile seachas a gcuid bpáistí a sheoladh as baile go dtí cúrsaí samhraidh sa Ghaeltacht go háirithe i laethanta seo na géirchéime eacnamaíochta. Chaith na daltaí, idir aois 12 agus 18, dhá sheachtain an-taitneamhach ag foghlaim na teanga agus ag glacadh páirte i ngach saghas gníomhaíochtaí agus bhí spórt agus spraoi acu trí mhéan na Gaeilge. Is togra iontach é an Coláiste Samhraidh a chabhraíonn go mór leis na daltaí feabhas a chur ar a gcuid scileanna teanga chomh maith le taitneamh a bhaint as na himeachtaí uile i rith na coicíse. B'aoibhinn leo an rogha maith d'imeachtaí cultúrtha, spórt agus cluichí a bhí ar an gclár oibre gach lá. Agus gan dabht chuaigh an Céilí i bhfeidhm go mór orthu agus iad ag baint suilt as na rincí.

Gabhann Glór Cheatharlach buíochas ó chroí leis na daltaí, na ceannairí agus na múinteoirí uile a bhí páirteach i nGaeilge an tSamhraidh i mbliana. Is cinnte go mbeidh éileamh ar áiteanna sa Champa Samhraidh, sa Choláiste Samhraidh agus i gCampa na nÓg i gCeatharlach arís an samhradh seo chugainn ach ní foláir clárú go luath chun áit a chinntiú. Beidh gach eolas ar fáil faoi Ghaeilge an tSamhraidh 2012 ó Glór Cheatharlach ar 059 9158105, 085 1340047 nó ar www.glorcheatharlach.ie .



Bhain na páistí óga seo an-taitneamh as Campa na nÓg



Na ceannairí a stiúraigh na himeachtaí ag an gCampa Samhraidh



Lámha suas don Champa Samhraidh

**Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:**

**Glór Cheatharlach**

**Sráid an Choláiste, Ceatharlach (059) 9158105 / (085) 1340047**
**eolas@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie**
**Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!**

### CASTLEDERMOT CONTINUED

**COMMUNITY SERVICES**
The next meeting on community services is on 2 August at 8pm in the Community Centre. New members are welcome. A report on the annual outing will be in next week's notes which took place on Thursday 21 July.

**CHURCH OF IRELAND SERVICES**
Sunday 31 July 10am Kinneagh MP; 11.30am Timolin HC; Sunday 7 August 10am Narraghmore MP; 11.30am Castledermot HC.

**IRELAND'S FIRST KILOMARATHON**
The kilomarathon will take place again this year on Sunday 7 August over a new route that will start in Moone and go through Kilkea and Bolton. A kilomarathon is a new style marathon of 26.2 kilometers. Crumlin Childrens' Hospital will be the major beneficiary. Entry forms for the Irish kilomarathon and the 10k that will take place on the same day are available on www.kilomarathonireland.com.

**LEVITSTOWN CEMETERY**
The Annual Blessing of the Graves will take place in Levitstown following the 9.30am Mass on Sunday 7 August.

**SUMMER CAMP**
Helen Dunne is holding a summer camp in the Community Centre from Monday 15 August to Friday 19 inclusive and will consist of dance, art and craft and games. It is for ages 4-12 years. Helen is also commencing ballet, modern/jazz and tap dancing classes in Scoil Diarmada in September.Contact Helen on ballethelen@gmail.com or phone 085 8179291.

**WALK IN INDIA FOR ST LUKE'S HOSPITAL**
This year Kevin Kelly will once again be fund-raising for St Luke's Hospital, Rathgar and he will be doing the annual 14 day sponsored Walk in Napal and India in October. The Friends of St Luke's are seeking to raise funds this year to go towards the refurbishment of Oakland Lodge, their "home from home" for patients travelling from the country for treatment, the refurbishment of the Education Centre and the annual provision of funds to St Luke's Institute for Cancer Research. Kevin is very appreciative of all donations no matter how small, as it all adds up. You can contact Kevin on mobile 087 2905788.

**PERFORMING ARTS SUMMER CAMP**
Evelyn Purcell will be back in Scoil Diarmada from 15 to 19 August inclusive with her Performing Arts Summer Camp called Summer Stage for children aged between 4 and 13 years. The camp will run from 10am-3pm daily and the cost is €80 per child and family discounts are available. Contact Evelyn on 087 1532277 or email info@summerstage.ie

**COLTSTOWN CEMETERY SUNDAY**
The annual Blessing of the Graves takes place in Coltstown Cemetery on Sunday 14 August following the 11am Mass in the Church of the Assumption.

**DUE TO THE BANK HOLIDAY WEEKEND, CORRESPONDENTS ARE ASKED TO HAVE THEIR NOTES WITH OUR EDITORIAL DEPARTMENT NOT LATER THAN 5PM ON THURSDAY**